An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Online Safety and Media Regulation Bill Q&A

## What is the Online Safety and Media Regulation Bill?

The Online Safety and Media Regulation Bill is a proposed law that would do three key things:

- Create a new regulator, a multi-person Media Commission, which would replace the Broadcasting Authority of Ireland,
- Update the law for how television broadcasting services and video on-demand services, for example the RTÉ Player and Netflix type services, are regulated, and,
- Create a regulatory framework for online safety to tackle the spread and amplification of certain defined categories of harmful online content, to be overseen by an Online Safety Commissioner as part of the wider Media Commission.

## Why is this important?

The structure of the Broadcasting Authority of Ireland is not well suited to this new media age and must be adapted so that Ireland can effectively regulate new media services. The proposed Media Commission will be a content regulator instead of a broadcasting regulator.

The updates to the law for television broadcasting and video on-demand services primarily come from the revised Audiovisual Media Services Directive, which is required to be implemented into Irish law. The revised Directive follows the internal market country of origin principle of the EU, meaning that any service established in Ireland will be regulated by Ireland on behalf of the whole EU.

The regulatory framework for online safety is one of the first proposals worldwide for online safety regulation that is systemic. This means that it will focus on providing for oversight and rules for the systems and processes that online services use to deliver and moderate user-generated content. Parts of this proposed regulatory framework comes from the requirement

of the revised Directive to regulate video sharing platform services. In those cases, Ireland will be regulating certain VSPS, for example YouTube or TikTok, for the whole EU. However, the proposed regulatory framework would also apply to non-VSPS online services and non-video user-generated content on an Ireland only basis.

## What is the General Scheme of the OSMR Bill?

The General Scheme is the template for the OSMR Bill and is being used by the Office of the Attorney General as a basis for drafting a law to pass through the Oireachtas and as a reference for the relevant Joint Oireachtas Committee to conduct pre-legislative scrutiny.

The initial General Scheme was approved by Government on 9 January 2020. At that time, the General Scheme included the template provisions for the establishment of the new Media Commission and the regulatory framework for online safety. The Government noted at the time that further provisions would need to be added to the General Scheme in order to finalise it. These provisions are about the funding of the Media Commission by industry levy and the regulation of television broadcasting and video on-demand services.

The finalised General Scheme can be found here.

## What was added to the General Scheme?

On 8 December 2020, the Government approved the addition of provisions to the General Scheme for:

- Updating the law for how television broadcasting services and video on-demand services are regulated,
- Funding of the Media Commission by industry levy,
- Some additional online safety provisions, including one regarding potential criminal liability for senior management for non-compliance, and,
- The setting of the upper limit of potential financial sanctions for non-compliance at €20m or 10% of turnover, whichever is higher.

## What are the updates to television broadcasting and video on-demand regulation?

The revised Directive requires changes to how television broadcasting and video on-demand services are regulated. This includes:

- A quota for 30% European content in the catalogues of video on-demand services and stricter provisions for regulatory oversight. European content in this context is broader than EU content and includes post-Brexit British content.

- Changes to the rules for how much advertising television broadcasting services can show. This is now changed from 20% of each hour to 20% of the time between the periods running from 06.00 to 18:00 and from 18:00 to 24:00.

- Allowing Member States to introduce a levy on television broadcasting and video on-demand services available in Ireland to fund audiovisual content production in Ireland. The further provisions approved by Government on 8 December 2020 provide for this levy, subject to further research and recommendations by the Media Commission and a commencement order by the Minister.

## What is the regulatory framework for online safety?

The regulatory framework for online safety will provide for oversight over how online services deliver and moderate user-generated content. The goal of this is to provide a structure for tackling the spread and amplification of certain defined categories of harmful online content. These categories are:

- Content which it is a criminal offence to share,

- Serious cyberbullying material,

- Material promoting eating disorders, and,

- Material promoting self-harm and suicide.

The Online Safety Commissioner will set rules and expectations through binding online safety codes for how online services will address the spread and amplification of this material on their services. The Commissioner will have a range of investigative and compliance powers and will be able to seek the imposition of sanctions on non-compliant on services, including financial sanctions.

## What was the process to create these proposals?

These proposals are a result of an intensive period of stakeholder consultation and legal and policy analysis. This included a public consultation between April and May in 2019, one-to-one engagement with a wide range of stakeholders and a virtual workshop on online safety held in June 2020.

An extensive accounting of this can be found in the regulatory impact analysis for the OSMR Bill here.

## What are the next steps?

The Government has forwarded the finalised General Scheme of the OSMR Bill to the Joint Oireachtas Committee on Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, which will conduct pre-legislative scrutiny of the proposals and make recommendations. The drafting of the law by the Office of the Attorney General will also continue.

These two processes will feed into the creation of a Bill which will then be brought to Government to seek approval to begin its passage through the Oireachtas. If the Bill is voted through the Oireachtas it will become law and the Media Commission, including an Online Safety Commissioner, will be established.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# An Bille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil Meán

## Cad atá i gceist leis an mBille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil Meán?

Is éard atá i gceist leis an mBille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil Meán ná dlí atá beartaithe lena mbainfear trí ní amach:

- Cruthófar rialtóir nua, Coimisiún Meáin ilduine, a thiocfadh in áit Údarás Craolacháin na hÉireann,
- Tabharfar an dlí cothrom le dáta maidir leis an mbealach a bhfuil rialú á dhéanamh ar sheirbhísí craoltóireachta teilifíse agus ar sheirbhís físeán ar éileamh, mar shampla, RTÉ Player agus seirbhísí de chineál Netflix, agus,
- Cruthófar creat rialála do shábháilteacht ar líne chun dul i ngleic le scaipeadh agus le méadú catagóirí sainithe áirithe d'ábhar díobhálach ar líne, a bheidh faoi mhaoirseacht an Choimisinéara um Shábháilteacht ar Líne mar chuid den Choimisiún ar na Meáin níos leithne.

## Cén fáth go mbaineann tábhacht leis seo?

Níl struchtúr Údarás Craolacháin na hÉireann sách oiriúnach do na meáin nua-aoise seo agus ní mór é a chur in oiriúint ionas go mbeifear in ann seirbhísí na meán nua seo a rialú go héifeachtach in Éirinn. Beidh an Coimisiún ar na Meáin atá beartaithe mar rialtóir ábhar in áit a bheith mar rialtóir craolacháin.

Tagann na nuashonrúcháin atá le déanamh ar dhlí na craoltóireachta teilifíse agus ar sheirbhísí físeán ar éileamh go príomha ón Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc leasaithe, is gá a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann. Leanann an Treoir leasaithe prionsabal

thír thionscnaimh mhargaidh inmheánaigh an AE, a chiallaíonn go mbeidh aon seirbhísí a bhunaítear in Éirinn á rialú in Éirinn thar ceann an AE ina iomláine.

Tá an creat rialála do shábháilteacht ar líne ar cheann de na chéad mholtaí domhanda do rialachán sábháilteachta ar líne atá córasach. Ciallaíonn sé seo go mbeifear ag díriú ar mhaoirseacht agus ar rialacha a sholáthar do chórais agus do phróisis a mbaineann seirbhísí ar líne úsáid astu le seachadadh a dhéanamh ar ábhar maolaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí. Tagann codanna don chreat rialála seo atá beartaithe ó cheanglas na Treorach leasaithe, sé sin rialú a dhéanamh ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Sna cásanna seo, beifear ag rialú VSPS áirithe in Éirinn, mar shampla YouTube nó TikTok, don AE ina iomláine. Mar sin féin, bheadh baint ag an gcreat rialála atá beartaithe le seirbhísí ar líne neamh-VSPS agus le hábhar físeáin nach bhfuil á nginiúint ag úsáideoirí ar bhonn na hÉireann amháin.

## Cad atá i gceist le Scéim Ghinearálta Bhille an OSMR?

Is í an Scéim Ghinearálta ná an teimpléad do Bhille an OSMR atá á úsáid ag Oifig an Ard-Aighne mar bhunús le dlí a dhréachtú chun é a chur tríd an Oireachtas agus mar thagairt don Chomhchoiste Oireachtais ábhartha le hiniúchadh réamhreachtach a dhéanamh air.

Cheadaigh an Rialtas an chéad Scéim Ghinearálta an 9 Eanáir 2020. Ag an am sin, bhí forálacha teimpléid san áireamh sa Scéim Ghinearálta le Coimisiún nua ar na Meáin a bhunú agus creat rialála do shábháilteacht ar líne a bhunú. Thug an Rialtas ar aird nár mhór forálacha breise a chur leis an Scéim Ghinearálta ar mhaithe leis an scéim a thabhairt chun críche. Baineann na forálacha seo le maoiniú a dhéanamh ar Choimisiún na Meán trí thobhach tionscail agus trí rialú a dhéanamh ar chraoltóireacht teilifíse agus ar sheirbhísí físeán ar éileamh.

Is féidir an Scéim Ghinearálta críochnaithe a fháil anseo.

## Cad a cuireadh leis an Scéim Ghinearálta?

Cheadaigh an Rialtas, forálacha breise a chur leis an Scéim Ghinearálta an 8 Nollaig 2020, chun:

- An dlí maidir leis an mbealach ina ndéantar seirbhísí craoltóireacht teilifíse agus seirbhísí físeán ar éileamh a rialú a thabhairt cothrom le dáta,
- Maoiniú a dhéanamh ar Choimisiún na Meán trí thobhach tionscail,

- Roinnt forálacha breise do shábháilteacht ar líne, lena n-áirítear, ceann amháin maidir le dliteanas coiriúil féideartha na hardbhainistíochta ó thaobh neamhchomhlíonadh, agus,

- Uasteorainn €20m nó 10% den láimhdeachas, cibé acu is airde, a shocrú do smachtbhannaí airgeadais féideartha mar gheall ar neamhchomhlíonadh.

## Cad iad na nuashonrúcháin chun rialú a dhéanamh ar chraoltóireacht teilifíse agus ar fhíseáin ar éileamh?

Éilíonn an Treoir leasaithe athruithe a dhéanamh ar an mbealach ina ndéantar seirbhísí craoltóireachta teilifíse agus físeáin ar éileamh a rialú. Áirítear anseo:

- Cuóta 30% d’ábhar Eorpach sna catalóga seirbhíse físeáin ar éileamh agus forálacha níos déine do mhaoirseacht rialála. Tá ábhar Eorpach sa chomhthéacs seo níos leithne ná ábhar AE agus áirítear ann, ábhar tar éis an Bhreatimeachta.

- Athruithe ar na rialacha maidir leis an méid fógraíochta is féidir le seirbhísí craoltóireachta teilifíse a thaispeáint. Tá sé seo athraithe anois ó 20% do gach uair a chloig go 20% den am idir na tréimhsí ón 06.00 go 18:00 agus ón 18:00 go 24:00.

- Cead tugtha do Bhallstáit tobhach ar sheirbhísí craoltóireachta teilifíse agus do sheirbhísí físeáin ar éileamh a thabhairt isteach do sheirbhísí atá ar fáil in Éirinn le maoiniú a dhéanamh ar léiriú ábhar closamhairc in Éirinn.  Déanann na forálacha breise a cheadaigh an Rialtas an 8 Nollaig 2020 foráil don tobhach seo, faoi réir ag tuilleadh taighde agus ag moltaí an Choimisiúin ar na Meáin agus Ordú um Thosach Feidhme ag an Aire.

## Cad é an creat rialála do shábháilteacht ar líne?

Déanfaidh an creat rialála do shábháilteacht ar líne soláthar do mhaoirseacht maidir le conas a dhéantar seirbhísí ar líne a sheachadadh agus ar ábhar maolaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí. Is é an sprioc atá i gceist anseo ná struchtúr a sholáthar chun dul i ngleic le scaipeadh agus le méadú catagóirí sainithe áirithe d’ábhar díobhálach ar líne. Is iad na catagóirí seo:

- Ábhar lena mbaineann cion coiriúil a chomhroinnt,

- Ábhar tromchúiseach maidir le cibearbhulaíocht,

- Ábhar a chuireann neamhord itheacháin chun cinn, agus
- Ábhar a chuireann féindochar agus féinmharú chun cinn.

Bunóidh an Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne rialacha agus ionchais trí chóid sábháilteachta ar líne atá ceangailteach maidir le conas aghaidh a thabhairt ar scaipeadh agus ar mhéadú an ábhair seo ar a gcuid seirbhísí. Beidh raon cumhachtaí imscrúdaithe agus comhlíonta ag an gCoimisinéir agus beidh sé/sí in ann cur i bhfeidhm smachtbhannaí a lorg maidir le neamhchomhlíonadh ó thaobh seirbhísí, lena n-áirítear, smachtbhannaí airgeadais.

## Cad a bhí taobh thiar den phróiseas maidir leis na tograí seo a chruthú?

Tá na tograí mar thoradh ar thréimhse dian-chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus le hanailís dlí agus beartais. Áiríodh anseo, comhairliúchán poiblí idir míonna an Aibreáin agus na Bealtaine 2019, rannpháirtíocht duine le duine agus le raon leathan páirtithe leasmhara agus ceardlann fíorúil ar líne a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2020.

Is féidir cuntas níos mine de seo a fháil san anailís tionchair rialála don Bhille OSMR anseo.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile?

Tá an Scéim Ghinearálta críochnúil do Bhille an OSMR curtha ar aghaidh ag an Rialtas chuig an gComhchoiste Oireachtais don Turasóireacht, Cultúr, na hEalaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin, le hiniúchadh réamhreachtach a dhéanamh ar na tograí agus le moltaí a dhéanamh. Leanfaidh Oifig an Ard-Aighne leis an dlí a dhréachtú freisin.

Cuirfear an dá phróiseas i dtoll a chéile ar mhaithe le Bille a chruthú atá le cur os comhair an Rialtais chun cead a lorg chun an Bille a rith trí Thithe an Oireachtais. Má ghlacann an tOireachtas leis an mBille, déanfar dlí den Bhille agus bunófar Coimisiún na Meán, lena n-áirítear, Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne.